NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Réimse Sainspéise

## Modúl Roghnach

I gcomhair comhairliúcháin

Samhain 2025

## Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl Roghnach is ea an Réimse Sainspéise.

Modúl amháin atá sa Réimse Sainspéise. Ceapadh é le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Réimse Sainspéise | 60 |

## Réasúnaíocht

Modúl roghnach is ea an Réimse Sainspéise a thugann deis do scoláirí a gcuid spéiseanna pearsanta agus a gcuid foghlama a chomhnascadh. Ábharspéise atá i réimse sainspéise a spreagann scoláirí chun níos mó a fhoghlaim faoin ábhar nó níos mó ama a chaitheamh lena thuiscint agus lena fhiosrú. D'fhéadfaí gur ábhar atá ann ar mhaith leis na scoláirí é a fhiosrú a thuilleadh, gníomh a mbaineann siad taitneamh as nó rud ar bith a chuireann a gcuid spéise, suilt agus muiníne chun cinn. Forbróidh na scoláirí eolas, scileanna, luachanna agus meonta atá ábhartha dá réimse sainspéise.

Cuireann an modúl faoi stiúir scoláirí agus scoláire-lárnaithe seo braistint úinéireachta na scoláirí as an bhfoghlaim chun cinn agus tógtar ar a muinín ina gcuid inniúlachtaí. Cothaíonn sainspéiseanna féinléiriú agus cruthaitheacht. Is féidir leis na scoláirí iad féin agus an méid a spreagann iad a thuiscint níos fearr le linn an mhodúil seo. De réir mar a théann na scoláirí i ngleic níos doimhne lena réimse sainspéise, tagann forbairt ar a ardinniúlacht sa réimse sin. Tacaíonn sé seo leo braistint dhearfach dóibh féin a fhorbairt.

Ligeann gnéithe feidhmeacha agus eispéireasacha an mhodúil roghnaigh seo do na scoláirí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus meonta a fhorbraíonn siad a aistriú agus a chur i bhfeidhm ar fud réimsí iomadúla foghlama. Féadfaidh an t-eispéireas ar a gcuid oibre a fhéinriar lorg láidir a fhágáil ar na scoláirí agus iad ag foghlaim bealaí nua chun pleanáil agus eagrúchán a dhéanamh, bealaí níos éifeachtaí chun oibriú ina n-aonar agus i bhfoirne, agus taithí luachmhar ceannaireachta a fháil a chuireann lena bhforbairt iomlánaíoch.

Cuirtear rannpháirtíocht na scoláirí lena réimse sainspéise le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas na scoláirí, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, tógtar ar fhoghlaim agus eispéiris na scoláirí i gCuraclam na Bunscoile agus sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tacaíonn an fhoghlaim trí Réimse Sainspéise go sonrach le príomhscileanna na scoláirí ón tsraith shóisearach a fhorbairt agus a chur chun cinn, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus

smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl, cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta.

Is é is aidhm don mhodúl roghnach príomhinniúlachtaí na scoláirí don tsraith shinsearach a fhorbairt, is é sin a bheith cruthaitheach, cumarsáid a dhéanamh, foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú, machnamh agus fadhbanna a réiteach, agus an neamhspleáchas a chur chun cinn, chomh maith le braistint gaisce agus muiníne a sholáthar do scoláirí ina gcuid foghlama. Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Tá aistriú uilíoch i gceist leis an bhfoghlaim a fhaightear anseo ar fud réimsí iomadúla foghlama. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl, a gcuid mothúchán agus smaointe, peirspictíochtaí agus cruinneshamhail daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Trí réimse sainspéise a fhiosrú bíonn deis ag na scoláirí a réimse roghnaithe a chíoradh níos mó. Ligeann sé do scoláirí teacht ar a gcuid foghlama trína láidreachtaí. De réir mar a théann na scoláirí i ngleic leis an topaic nó gníomhaíocht trí obair bunaithe ar eispéiris phraiticiúla agus fíorshaoil, forbraítear a smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, agus a gcumas dul ag obair go neamhspleách nó le daoine eile. Foghlaimíonn na scoláirí conas eolas a anailísiú agus a chomhtháthú, ag bainistiú a gcuid ama agus iad ag obair as a stuaim féin nó i bhfoireann. Ina theannta sin, trí bheith ag leanúint dá rogha topaic nó gníomhaíocht agus a gcuid foghlama a léiriú trí fhormáid dá rogha féin, spreagtar na scoláirí le bheith níos fiosraí agus níos cruthaithí, ceisteanna machnamhacha a chur agus réitigh nuálacha a lorg.

Is féidir le múinteoirí tacú le rannpháirtíocht scoláirí leis an modúl roghnach seo trí threoir a chur ar fáil agus na scoláirí a spreagadh a leanas a dhéanamh:

- A spéiseanna féin a fhiosrú
- A spéiseanna a chúngú chun topaic, gníomhaíocht nó smaoineamh ar leith lena fhiosrú tuilleadh
- A bhfuil de dhíth laistigh dá dtopaic nó dá ngníomhaíocht roghnaithe a shainaithint
- An chaoi ar mian leis na scoláirí a gcuid foghlama a chur i láthair a shainaithint
- Uirlisí, acmhainní nó ábhair a theastódh sa réimse spéise amhail uirlisí digiteacha, acmhainní fisiciúla, pearsanra, nó eispéiris amhail taithí oibre, turais nó aoichainteoirí a shainaithint
- Glacadh le haiseolas cuiditheach ag gach céim, a léireoidh a láidreachtaí agus céard air ar cheart machnamh a dhéanamh
- A bheith páirteach i bpiarfhoghlaim agus athbhreithniú
- Breathnú ar dhúshláin mar dheiseanna foghlama
- Naisc a dhéanamh idir na céimeanna, na scafaill, agus an fhoghlaim a fhaightear
- Gnóthachtálacha a cheiliúradh.

Trí réimse sainspéise a thosú, a phleanáil, a dhéanamh, a chruthú, a thabhairt chun críche agus a chur i láthair, tugtar an deis do scoláirí a gcumas raon leathan foghlama a bhainistiú sa tsraith shinsearach agus ina diaidh.

## Modúl: Réimse Sainspéise

### Tuairisceoir modúil

Forbraíonn scoláirí spéis agus tuiscint níos doimhne ina réimse spéise trí thaithí a fháil ar a réimse sainspéise, bheith rannpháirteach inti agus í a fhiosrú mar dhuine aonair agus mar pháirt de ghrúpa. Cruthaíonn scoláirí rud éigin, a chuireann siad i láthair do dhaoine eile. Tugtar tacaíocht dóibh a gcuid oibre a bhainistiú agus a eagrú. Foghlaimíonn na scoláirí freisin conas a gcuid smaointe a mhúnlú agus a chur in iúl.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Eolas a bhailiú agus struchtúr a thabhairt dó, a gcuid smaointe a thosú agus a phleanáil leo féin nó le daoine eile | a. láidreachtaí, spéiseanna nó caithimh aimsire ar leith a shainaithint<br>b. réimse sainspéise a roghnú, ag léiriú smaointeoireacht neamhspleách<br>c. spriocanna foghlama pearsanta a leagan síos<br>d. acmhainní de dhíth a shainaithint<br>e. pleanáil agus bainistíocht ama a léiriú<br>f. foinsí le heolas ábhartha a shainaithint agus rochtain a fháil orthu<br>g. athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean le linn an phróisis agus nuashonrú a dhéanamh mar is cuí |
| Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas | h. achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí éagsúla agus í a eagrú<br>i. a réimse sainspéise a chur i láthair i bhformáid dá rogha féin<br>j. machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, lena n-áirítear a bhfuil faighte amach acu, na dúshláin a bhí rompu agus conas a chuaigh siad i ngleic leo<br>k. conas a bhí tionchar ag na róil, daoine agus/nó acmhainní difriúla ar an bpróiseas a fhiosrú<br>l. conas an réimse sainspéise a fhiosrú a thuilleadh nó a leathnú a shainaithint<br>m. an chaoi ar féidir foghlaim a fuarthas a chur i bhfeidhm i réimsí eile a shainaithint. |

